



FOGHLAIM ÉACHT RATH

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE RÁITEAS STRAITÉISE 2022 - 2026




FOGHLAIM
ÉACHT
RATH

Clár na nÁbhar

- 3 Forbhreathnú ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁC DL) Ráiteas Straitéise 2022 – 2026
- 4 Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
- 6 Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh
- 8 Comhthéacs Straitéiseach
- 16 Misean, Fís, agus Luachanna
- 18 Spriocanna agus Gníomhartha Straitéiseacha 2022 – 2026
- 23 Cur i bhfeidhm agus Tuairisciú
- 24 Giorrúcháin
- 25 Aguisíní



Forbhreathnú ar an Straitéis



Teachtaireacht

ó Chathaoirleach Bhord
Oideachais agus Oiliúna Átha
Cliath agus Dhún Laoghaire

Is mór an sásamh dom Ráiteas Straitéise 2022 – 2026 Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire a chur i láthair. Tá go leor bainte amach ag ár n-eagraíocht ó bunaíodh í in 2013 agus chuir ár gcéad Straitéis 2017 – 2021 ar ár gcumas dúinn ár dtiomantas don fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn.

Ar ndóigh, tá go leor athruithe le cúig bliana anuas agus creidim go gcuirfidh an straitéis nua ar ár gcumas leanúint de fhreagairt do riachtanais oideachais agus oiliúna ár réigiúin. Soláthraíonn an doiciméad seo treochlár soiléir dúinn don todhchaí. Cuirfidh sé ar ár gcumas tógáil ar ár láidreachtaí agus bogadh ar aghaidh. Cabhróidh an ráiteas misin agus físe nuashonraithe linn ár bhfócas a choinneáil ar riachtanais ár bhfoghlaim. Feidhmeoidh ár gcúig chroíluach mar threoir mhorálta dúinn agus muid ag dréim i gcónaí le sármhaitheas a bhaint amach sa teagasc agus san fhoghlaim agus inár gcláir, ár dtacaíocht agus ár seirbhísí go léir. Cabhróidh na ceithre sprioc straitéiseacha linn tosaíochtaí a chinneadh agus cinnteoidh siad go mbeidh tionchar dearfach againn ar shaol ár bhfoghlaim, ár bpobal agus ar an tsochaí ina hiomláine.

Ba mhaith liom comhaltaí an Bhoird a mholadh as an méid a chuireann siad leis an straitéis agus as a dtacaíocht leanúnach d'obair na heagraíochta. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil lenár bPríomhfheidhmeannach, Caitríona Murphy, agus le baill uile na Foirne Sinsearaí Ceannaireachta as a gceannaireacht agus as an ról mór a bhí acu i múnú na straitéise seo. Agus ar ndóigh, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl ar deireadh do gach ball foirne san eagraíocht. Táimid bródúil as obair agus díograis ár ndaoine, gach duine acu a chuireann le soláthar, tacaíocht agus forbairt ár bhfoghlaim, ár gcomhghleacaithe agus an iliomad grúpaí agus eagraíochtaí a mbímid ag obair i gcomhpháirtíocht leo. Guím gach rath ar ár bhfoghlaim agus ár bhfoireann go léir agus muid ag obair le chéile chun an straitéis nua seo a sheachadadh agus chun saol daoine a athrú trí fhoghlaim.


Joe Newman

Cathaoirleach
Bord Oideachais agus Oiliúna
Átha Cliath agus Dhún Laoghaire



Joe Newman

LÉARSCÁIL AN RÉIGIÚIN BHORD OIDEACHAIS ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE



Réamhrá

an Phríomhfheidhmeannaigh

Fáilte chuig an Ráiteas Straitéise nua 2022 – 2026 do Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL) a threoróidh ár gcuid oibre le linn na gcúig bliana amach romhainn.

Tógfaidh an straitéis ardleibhéal seo ar an rath a baineadh amach go dtí seo. Reáchtáladh an próiseas comhairliúcháin in 2021 – 2022, tráth a raibh neamhchinnteacht agus athruithe móra ann. Is toradh díreach iad na tosaíochtaí straitéiseacha, na spriocanna agus na gníomhaíochtaí sa straitéis seo ar an aiseolas a fuarthas ónár bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha agus cabhróidh siad leis an eagraíocht forbairt agus oiriúnú de réir mar a leanann an domhan thart orainn ag athrú.

Táimid tar éis na pleananna gníomhaíochta agus na straitéisí is déanaí a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS), an tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS) agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) a chur san áireamh. Tá ár spriocanna ag teacht go han-mhaith le spriocanna ár máthair-Ranna. Chuige sin, oibreimid go dian dícheallach lena chinntiú go leanfaimid de gach gné dár seirbhísí oideachais agus oiliúna a fheabhsú.

Cuireann BOOÁCDL le hobair Bhord Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) chun a chuspóirí don earnáil a bhaint amach i scoileanna, sa bhreisoideachas agus oiliúint, san obair don óige agus sa tacaíocht agus forbairt eagraíochta. Beidh plean forfheidhmithe i bhfeidhm chun an straitéis seo a sheachadadh i scoileanna, coláistí, ionaid agus ceannoifigí uile BOOÁCDL; cuirfidh cultúr comhoibrithe agus tacaíochta ar ár gcumas ár spriocanna a bhaint amach le chéile.

Bíonn BOOÁCDL níos láidre nuair a oibrímid le chéile, agus muid aontaithe ag uailmhian choiteann chun na deiseanna foghlama, forbartha agus tacaíochta is fearr a sholáthar do na leanaí, na daoine óga agus na daoine fásta ar a bhfreastalaímid. Mar eagraíocht foghlama, tá ionchais arda againn dár bhfoghlaimeoirí agus creidimid go láidir iontu agus ina n-acmhainneacht. Ba mhaith linn a chinntiú go mothaíonn siad go bhfuil fáilte rompu. Is cuid ríthábhachtach dár ról mar sholáthraí earnála poiblí é éagsúlacht agus cuimsiú a spreagadh i measc ár bhfoghlaimeoirí agus ár mball foirne. Beidh sé mar thosaíocht ag BOOÁCDL i gcónaí cur ar a chumas do gach duine páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí shibhialta.





Mar sholáthraí oideachais agus oiliúna le roinnt blianta anuas le linn Covid-19 agus na géarchéimeanna daonnúla is déanaí, táimid fós láidir, nasctha le daoine agus le grúpaí, comhbhách agus lúfar. Táim an-bhródúil go deo as obair BOOÁCDL. Is mian liom aitheantas a thabhairt don ról atá ag an bhfoireann maidir le heagraíocht a dhéanamh de BOOÁCDL ar féidir linn go léir a bheith bródúil aisti. Táim an-bhuíoch do gach ball foirne as a ndílseacht agus a dtiomantas don eagraíocht. Gabhaim buíochas freisin lenár bpáirtithe leasmhara a ghlac páirt sa chomhairliúchán straitéise agus a chabhraigh leis an bplean seo a choinneáil ina phlean a choinníonn an foghlaimeoir i gcroílár gach rud atá beartaithe againn a dhéanamh idir seo agus 2026. Táim an-bhuíoch do chomhaltaí Bhord BOOÁCDL. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do mo chomhghleacaithe ar an bhFoireann Shinsearach Ceannaireachta a raibh a dtiomantas agus a saineolas fforluachmhar le linn an phróisis seo agus do Rosemarie McGill a chomhordaigh forbairt na straitéise seo.

Is í fíis BOOÁCDL saol daoine a athrú trí fhoghlaim, trí fhorbairt agus trí thacaíocht, rud a chuirfidh ar a gcumas d'fhoghlaimeoirí gaisce a dhéanamh i ndomhan atá ag athrú de shíor. Tagann ár gcroílúachanna leis an gcuid is fearr dá bhfuilimid ag iarraidh a bhaint amach. Is iad sin Gairmiúlacht, Sármhaitheas, Comhionannas, Meas agus Tacaíocht. Molaim an straitéis seo daoibh agus fios maith agam go gcabhróidh sé linn fanacht dílis dár gcuspóir, is é sin, tacú lenár bhfoghlaimeoirí, ár bhfoireann agus ár bpobal foghlaim, gnóthachtáil agus a bheith rathúil.



Caitríona Murphy

Príomhfheidhmeannach



Comhthéacs Straitéiseach



Próifíl Réigiúnach

Soláthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL) oideachas, oiliúint agus seirbhísí ar fud na dtrí limistéar comhairle contae i bhFine Gall, Átha Cliath Theas agus Dún Laoghaire-Ráth an Dúin. De réir na sonraí luatha ó Dhaonáireamh 2022, tá daonra iomlán ár réigiún os cionn 860,000, sin beagnach 17% de dhaonra náisiúnta na hÉireann.

Tá méadú suntasach tagtha ar líon na ndaoine sa réigiún ó 2016, agus bhí méadú breis is 45,000 ann. Tá sé sin i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta. Tá 60% de dhaonra réigiún Bhaile Átha Cliath ina gcónaí inár scoilcheantar anois. Is i bhFine Gall a léiríodh fás níos airde ná aon chontae in Éirinn le 20 bliain anuas, is é sin, méadú níos mó ná 79%. Tá fás níos mó ná 5% tagtha ar dhaonra Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Átha Cliath Theas le blianta beaga anuas freisin. I gcomparáid leis an meán náisiúnta, tá daonra níos óige sa réigiún agus céatadán níos airde de dhaoine fásta níos óige in aois oibre. Tráth an daonáirimh dheireanaigh, bhí 26% den daonra in BOOÁCDL faoi bhun 18 mbliana d'aois; meastar go dtiocfaidh méadú ar an gcéatadán sin. Chomh maith le daonra óg atá ag dul i méid, tá líon suntasach daoine ó mhionlaigh eitneacha i réigiún BOOÁCDL. Ciallaíonn sin gur réigiún é atá thar a bheith éagsúil, ó thaobh déimeagrafaíochta, cultúir agus teangacha de.

Tá raon leathan fostóirí sa réigiún. Is éagsúil na fostóirí sin ó thaobh scála de, agus áirítear leo cuideachtaí móra ilnáisiúnta, fiontair bheaga agus mheánmhéide Éireannacha agus gnólachtaí nuathionscanta ina bhfuil líon beag fostaithe. Tá ceanncheathrú Eorpach agus/nó bunáiteanna oibríochtúla i mBaile Átha Cliath ag go leor cuideachtaí idirnáisiúnta, go háirithe cuideachtaí cógaisíochta agus teicneolaíochta. I mí Eanáir 2022, thuiriscigh an Phríomh-Oifig Staidrimh go raibh ráta dífhostaíochta coigeartaithe séasúrach na hÉireann cothrom le 5.1%, an ráta is ísle ó mhí Bealtaine 2020. Mar sin féin, d'fhéadfadh an ráta reatha a bheith níos gaire do 7% de réir mar a théarnaíonn an geilleagar ó chailleanais post de bharr na paidéime, agus i gceantair áirithe, is airde na rátaí dífhostaíochta ná 13%. Cuireann méid agus castacht an cheantair ar a bhfuilimid ag freastal cruth ar ár sainordú mar cheann de na soláthraithe is mó d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil sa réigiún agus is ionann ár bhfoghlaimoirí agus díreach os cionn 7% de dhaonra an réigiúin seo.


Is é misean BOOÁCDL cláir, seirbhísí agus tacaíochtaí oideachais agus oiliúna ábhartha agus cuimsitheacha ar ardchaighdeán a sholáthar a fhreagraíonn do riachtanais éagsúla ár bhfoghlaimoirí, ár bpobal agus ár bpáirtithe leasmhara. Tá scoileanna, coláistí, ionaid agus seirbhísí BOOÁCDL lonnaithe ar fud ár réigiúin. Tá liosta iomlán díobh seo ar fáil in Aguisín 1.

Próifíl BOOÁC DL

Léirítear BOOÁC DL in uimhreacha thíos.

Daonra, Rannpháirtithe & Daoine

Caiteachas **€238m**



Daonra ár réigiúin
os cionn


860,000



Rannpháirtithe
os cionn

64,000
foghlaimoír

= breis is 7% de dhaonra an réigiúin



Daoine

os cionn

4,000
ball foirne



Níos mó ná 100
láthair ar fud
Fhine Gall, Átha
Cliath Theas &
Dhún Laoghaire
Ráth an Dúin



Foghlaimoírí
ar feadh an
tsaoil, ó 4 go
94 bliana
d'aois




Foireann
teagaisc, oiliúna
agus tacaíochta
lánaimseartha
agus
páirtaimseartha

Oibríonn BOOÁCDL i gcomhpháirtíocht leis an mBord, Boird Bhainistíochta ár scoileanna agus ár gcoláistí, tuismitheoirí, ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, eagraíochtaí áitiúla agus pobail, comhairlí contae, fostóirí, agus soláthraithe eile oideachais agus oiliúna. Cuireann na comhpháirtíochtaí seo ar ár gcumas freastal ar riachtanais ár bhfoghlaimeoirí a fhanann i gcoilár gach a ndéanaimid. Oibrímid go dlúth leis na 15 BOO eile agus lenár gcomhlacht ionadaíoch Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ).

Tá BOOÁCDL á rialú ag Bord de 21 chomhalta:

- > 12 ionadaí ó na trí chomhairle contae inár gceantar riaracháin – Contae Fhine Gall, Contae Átha Cliath Theas agus Dún Laoghaire-Ráth an Dúin
- > Beirt bhall foirne
- > Beirt ionadaithe is tuismitheoirí ón earnáil bunscoile agus iar-bhunscoile
- > Cúigear comhaltaí arna n-ainmniú ag an Aire Oideachais, a dhéanann ionadaíocht ar na hearnálacha gnó agus tionsclaíochta, ar fhostóirí, ar fhoghlaimeoirí agus ar dhaoine atá ag gabháil do bhainistiú nó do cheannaireacht scoileanna aitheanta.


Tá feidhmeanna an Bhoird agus an Phríomhfheidhmeannaigh sainmhínithe san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá an Bord á rialú freisin ag an gCód Cleachtais um Rialachas BOOnna mar atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i gCiorclán 0002/2019. Taispeántar ár struchtúr feidhmiúcháin thíos.




Mar sholáthraí státmhaoinithe, gníomhaíonn BOO Átha Cliath & Dhún Laoghaire ar mhaithe lenár bhfoghlaimoirí agus lenár sochaí. Is scoileanna comhoideachais agus il-sainchreidmheacha iad scoileanna BOOÁCDL a bhfuil Creat Pátrúin agus croíluchanna mar bhonn agus mar thaca acu. Sroicheann na seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna foghlaimoirí agus printísigh ó 16 bliana d’aois amach agus cumhachtaíonn siad daoine ag gach céim dá dturas. Tá seirbhísí óige BOOÁCDL agus tionscnaimh náisiúnta um fhorbairt ceoil fós ag soláthar deiseanna ar leith do dhaoine óga. Tá freagracht shóisialta ar ár n-eagraíocht cothrom na Féinne a thabhairt dóibh siúd a d’fhéadfadh a bheith faoi mhíbhuntáiste murach sin. Bímid ag dréim leis an taithí foghlama is fearr a sholáthar do chách agus lena chinntiú go bhfuil na seirbhísí agus na tacaíochtaí cearta i bhfeidhm dóibh siúd is mó a bhfuil gá acu leo.

Tá méadú suntasach tagtha ar líon na bhfoghlaimoirí le blianta beaga anuas agus tá siad ag fás i gcónaí. Tá comharthaí láidre téarnaimh le sonrú, fiú i gcás rolluithe a raibh drochthionchar ag an bpaindéim orthu. In 2021, sháraigh líon na bhfoghlaimoirí in BOOÁCDL 64,000.

FOGHLAIMEOIRÍ BOOÁCDL



Tá ár bhfoghlaimoirí éagsúil ó thaobh aoise, cúlra agus cumais de. Chun freagairt dó sin, cuirimid raon leathan clár, tacaíochtaí agus seirbhísí ar fáil.





CLÁIR, TACAÍOCHTAÍ & SEIRBHÍSÍ

Scoileanna

Scoileanna Náisiúnta Pobail
Iar-Bhunscoileanna
Gaelcholáistí san áireamh
Seirbhísí Tacaíochta
Síceolaíochta
Foireann Tacaíochta
Forbartha

Breisoideachas & Oiliúint

Seirbhísí Oideachais
d'Aosaigh
Coláistí Breisoideachais
Coláistí Pobail Désholáthair
Ionaid Oiliúna
Ógtheagmháil
Foireann Cáilíochta
Foireann Pleanála, Sonraí &
Maoinithe

Soláthar & Tacaíochtaí Breise

Forbairt Óige & Spóirt
Aonaid Ardtacaíochta
Scoil Champais Bhaile an
Oibricigh
'Music Generation'
Uaireanta Comhoibrithe


Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

Foirgnimh
Seirbhísí Corparáideacha
Airgeadais
Acmhainní Daonna
Teicneolaíocht Faisnéise agus
Cumarsáide

CLÁIR,
TACAÍOCHTAÍ &
SEIRBHÍSÍ

An soláthar inár scoileanna agus an breisoideachas agus oiliúint, leanfar dá bhforbairt ar aon dul leis na hathruithe déimeagrafacha agus eile inár réigiún.

Léiríonn ár struchtúr eagraíochta fairsinge agus doimhneacht ár soláthair.



Timpeallacht Sheachtrach

Oibríonn BOOÁCDL laistigh de chóras oideachais agus oiliúna na hÉireann, i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Ní hamháin go bhfuil ceanglais reachtúla ann nach mór don eagraíocht feidhmiú laistigh díobh ach tá go leor fachtóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta a théann i bhfeidhm ar obair BOOÁCDL. Tugtar achoimre orthu sin thíos.

Polaitiúil

- > Éagobhsaíocht & coimhlint dhomhanda
- > Géarchéimeanna daonnúla
- > An Breatimeacht
- > Seirbhísí Comhroinnte na hEanála Poiblí
- > Dhá mháthair-ranna: DE & DFHERIS
- > Córas Treasach aontaithe a fhorbairt
- > Leasú ar an tSraith Shinsearach
- > Leasú ar an gcóras printíseachta

Eacnamaíoch

- > Téarnamh iar-phaindéime
- > Boilsciú ag ardú
- > Printíseachtaí nua
- > Earnálacha fostaíochta atá ag teacht chun cinn
- > Athléimneacht eacnamaíoch a fhorbairt

Socheolaíoch

- > Athruithe déimeagrafacha
- > Ionchais an fhoghlaiméora agus na foirne
- > Clár oibre éagsúlachta, comhionannais & cuimsitheachta
- > Ag tacú le folláine
- > Athléimneacht pobail a thógáil



Timpeallacht

- > An t-athrú aeráide
- > Maolú & inbhuanaitheacht
- > Clár scileanna glasa
- > Bainistíocht agus forbairt foirgneamh

Dlí

- > Rialachas & iompar eiteiciúil
- > Airgeadas poiblí & cuntasacht
- > Cosaint Sonraí
- > Cearta daonna
- > Cosaint agus Coimirce Leanáil
- > Freagrachtaí reachtacha éagsúla

Teicneolaíoch

- > Foghlaim feabhsaithe ag an teicneolaíocht
- > Digitú
- > Foghlaim chumaisc
- > Cianobair
- > Cibearshlándáil
- > Cleachtais atá bunaithe ar shonraí
- > Intleacht Shaorga
- > Láithreachtaí ar na meáin shóisialta


Cuireadh raon leathan beartas, creataí agus straitéisí san áireamh agus an straitéis seo á forbairt. Tá liosta de na príomhdhoiciméid in Aguisín 2. Tabharfaidh an Ráiteas Straitéise seo deis dúinn freagairt do riachtanais atá ag teacht chun cinn agus tugann sé treo taistil dúinn agus muid ag iarraidh saol ár bhfoghlaiméoirí a fheabhsú agus a athrú.

Próiseas Comhairliúcháin na Straitéise

Léirigh an t-aiseolas ónár bpróiseas comhairliúcháin a mhéid a bhaineamar amach mar eagraíocht le linn ár gcéad straitéise agus na nithe ar cheart dúinn díriú orthu sna blianta amach romhainn. Tugadh le fios i gcomhairliúchán lenár bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha go gcaithfimid anois comhdhlúthú agus forbairt a dhéanamh. Tá liosta iomlán díobh siúd a ndeachaigh muid i gcomhairle leo ar fáil in Aguisín 3 agus tugtar achoimre ar an bpróiseas sa léaráid thíos.

**Suirbhéanna ar ár
bhFoghlaimoirí & ar
ár bhFoireann**

**Suirbhéanna &
Ceardlanna dár
mBord & SLT**



**Cruinnithe &
Aighneachtaí ónár
bPáirtithe Leasmhara
Seachtracha**

**Cruinnithe lenár
gCeannairí
Sinsearacha**

Misean, Fís, agus Luachanna



Réamhrá

Sa straitéis seo le haghaidh 2022 – 2026, leagaimid amach ár misean, ár bhfís agus ár luachanna. Treoróidh siad sin muid inár gcuid oibre le linn na gcúig bliana atá romhainn. Leanfaidh BOOÁCDL de chur go mór leis na réimsí ina n-oibrímid agus de bheith ina fhórsa a spreagfaidh fás sóisialta agus eacnamaíoch.

Ár Misean


Is é misean BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire seirbhísí agus tacaíochtaí oideachais agus oiliúna ábhartha agus cuimsitheacha ar ardchaighdeán a sholáthar a fhreagraíonn do riachtanais éagsúla ár bhfoghlaimeoirí, ár bpobal agus ár bpáirtithe leasmhara.

Ár bhFís

Is é fís BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire saol daoine a athrú ó bhonn trí fhoghlaim, trí fhorbairt agus trí thacaíocht a chur ar fáil le cur ar a gcumas dár bhfoghlaimeoirí gaisce a dhéanamh i ndomhan atá ag athrú de shíor.

Ár Luachanna

Agus ár gcúig chroíluach á roghnú againn, thug ár bpáirtithe leasmhara treoir dúinn. Chuireamar leis na luachanna inár gcéad straitéis eagraíochtúil. Chinntíomar go bhfuil ár luachanna ag teacht leo siúd atá ina mbonn le héiteas ár scoileanna agus iad siúd atá mar bhonn agus thaca ag ár seirbhísí go léir. Nascamar na luachanna sin freisin le hobair chearta an duine a dhéanaimid mar chuid dár ndualgas cúraim mar sholáthraí san earnáil phoiblí.



GAIRMIÚLACHT

Gníomhaímid go macánta agus go trédhearcach. Éistimid agus freagraímid do riachtanais a bhíonn ag athrú. Táimid bródúil as ár n-ionracas, ár n-iontaofacht agus an tseirbhís a sholáthraímid don phobal.

SÁRMHAITHEAS

Cothaímid cultúr cáilíochta, nuálaíochta agus feabhais leanúnaigh. Déanaimid ár ndícheall chun na caighdeáin is airde a bhaint amach i ngach rud a dhéanaimid.

COMHIONANNAS

Fáiltímid roimh éagsúlacht agus cuirimid cuimsiú chun cinn. Spreagaimid cultúr cothroime agus deiseanna chun gach duine a chumasú chun a n-acmhainneacht a chomhlíonadh.

MEAS


Is mór againn smaointe agus creidimh ár bpáirtithe leasmhara go léir. Forbraímid caidrimh dhearfacha agus tacaímid le foghlaimeoirí agus baill foirne a gcuid spriocanna a bhaint amach.

TACAÍOCHT

Tá meas againn ar ár bpáirtithe leasmhara ar fad. Cruthaímid muintearas dár bhfoghlaimeoirí, dár bhfoireann agus dár bpobail ionas gur féidir le muinín, cineáltas, athléimneacht, agus solúbthacht a bheith faoi rath.

Spriocanna agus Gníomhartha Straitéiseacha 2022 – 2026

Is iad sin na Spriocanna agus na Gníomhaíochtaí Straitéiseacha a bheidh mar fhócas dár gcuid oibre idir seo agus 2026. Dréachtaíodh na gníomhaíochtaí faoi gach Sprioc Straitéiseach chun freagairt don phróiseas comhairliúcháin agus d'fhorbairtí ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus domhanda.



Gníomhartha Straitéiseacha

Sprioc



Foghlaim

Chun oideachas, oiliúint agus seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar, a chuirtear ar fáil i dtimpeallacht thacúil agus a bhaineann na torthaí is fearr is féidir amach dár bhfoghlaim.

- 1.1 Ardchaighdeán a chur chun cinn sa teagasc agus san foghlaim, a fhorbraíonn eolas agus scileanna agus a spreagann foghlaim fhéinrialaitheach chomhoibríoch.
- 1.2 A chinntiú go gcomhlíonann ár soláthar na riachtanais reatha agus na riachtanais atá ag teacht chun cinn dár bhfoghlaim agus dár bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear Creat nua Churaclam na Bunscoile, athchóiriú na Sraithe Sóisearaí agus na Sraithe Sinsearaí, forbairtí san oideachas lán-Ghaeilge, cuir chuige nua i leith an cheoil, na hóige agus na forbartha spóirt, agus scileanna criticiúla don todhchaí.
- 1.3 Eispéreas dearfach a chur ar fáil a chuireann le sláinte agus folláine ár bhfoghlaim agus a thairgeann timpeallacht shábháilte thacúil do chách, agus aird ar leith á díriú ar chosaint leanaí, daoine óga agus daoine fásta leochaileacha.
- 1.4 Dearadh uilíoch a chur i bhfeidhm don foghlaim ar fud ár suíomhanna oideachais agus oiliúna; inrochtaineacht agus solúbthacht a fheabhsú trí chomhtháthú na teicneolaíochta; acmhainní a fheabhsú chun teangacha, litearthacht agus uimhearthacht a chur chun cinn; agus faisnéis agus treoir a chur ar fáil d'fhoghlaim.
- 1.5 Clár a chur ar fáil a chuireann ar a gcumas dár bhfoghlaim go léir na buntáistí iomlána a bhaineann le foghlaim ó pheirspectíocht phearsanta, shóisialta, acadúil agus/nó ghairme a foghlaim, a bhaint amach, a dhéanamh agus a ghnóthú.
- 1.6 Conair a shimpliú agus a chur in iúl le haghaidh aistriú agus dul chun cinn foghlaim laistigh de BOOÁCDL, chuig soláthar eile lena n-áirítear breisoideachas agus oiliúint, ardoideachas agus/nó fostaíocht, de réir mar is cuí maidir le riachtanais, cúlraí, cumais agus mianta éagsúla ár bhfoghlaim.
- 1.7 Aiseolas rialta a lorg ónár bhfoghlaim, agus aitheantas á thabhairt do luach réimse leathain peirspectíochtaí le haghaidh forbairt eagraíochta foghlama, agus an méid sin a úsáid chun bonn eolais a chur faoinár soláthar, pleanáil agus cinnteoireacht.
- 1.8 Straitéisí agus acmhainní digiteacha a chur chun cinn chun foghlaim, teagasc agus measúnú a éascú.
- 1.9 Straitéisí agus acmhainní a fheabhsú a laghdaíonn baic ar rannpháirtíocht, a thugann aghaidh ar mhíbhuntáiste oideachais, agus a thacaíonn leo siúd a bhfuil riachtanais speisialta agus bhreise oideachais acu, agus a chinntiú go gcuireann ár mbeartais agus ár gcleachtais cothroime agus trédhearcacht chun cinn.
- 1.10 Cultúr cáilíochta a leabú a thuilleadh trí mhionatáireacht leanúnach, féinmheastóireacht agus athbhreithniú ar ár gcreataí cáilíochta, córais dearbhaithe cáilíochta, agus tuarascálacha meastóireachta agus cigireachta.

Gníomhartha Straitéiseacha

Sprioc



Baill Foirne

Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt dár bhfoireann chun feidhmiú agus forbairt, an foghlaim a choinneáil i gcroílár gach rud a dhéanaimid agus dréim le barr feabhais a bhaint amach.

- 2.1 Plean a fhorbairt le haghaidh forbairt ghairmiúil, a leanann d'aitheantas a thabhairt do thosaíochtaí reatha agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn maidir le teagasc agus foghlaim, tacaíochtaí foghlaim, teicneolaíocht, agus tacaíocht agus forbairt eagraíochta.
- 2.2 Deiseanna tacaíochta agus forbartha a áireamh, a chuireann lenár bhféiniúlacht agus lenár bhfeidhmíocht ghairmiúil, a chruthaíonn muintearas agus a neartaíonn ár n-athléimneacht ionas gur féidir lenár bhfoireann go léir foghlaim, fás agus barr a gcumais a bhaint amach.
- 2.3 Tacaíocht agus forbairt a chur ar fáil do gach ball foirne a bhfuil ról freagrachta, bainistíochta agus/nó ceannaireachta aige nó aici ar fud ár n-eagraíochta agus deiseanna a chruthú chun ceannairí amach anseo a fhorbairt.
- 2.4 Líonraí agus gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla a leathnú don fhoireann teagasc, tacaíochta agus forbartha chun cur ar ár gcumas ár saineolas a roinnt, cuir chuige éagsúla a chur chun cinn, cruthaitheacht a spreagadh agus oiriúnú do chúinsí nua.
- 2.5 Plean a fhorbairt chun tógáil cumais agus leanúnachas seirbhísí a chinntiú chun cur ar chumas na heagraíochta déileáil le fás, athrú agus éiginnteacht.
- 2.6 Athbhreithniú agus méadú a dhéanamh ar ár n-acmhainní daonna i ngach suíomh maidir le cur i bhfeidhm na straitéise eagraíochta.
- 2.7 Aiseolas rialta a lorg ónár mbaill foirne, agus aitheantas á thabhairt do luach réimse leathan peirspictíochtaí le haghaidh forbairt eagraíochta foghlama, agus an méid sin a úsáid chun bonn eolais a chur faoinár soláthar, pleanáil agus cinnteoireacht.
- 2.8 Feabhas a chur ar ár gcleachtais chun acmhainneacht lucht saothair ardfheidhmíochta agus éagsúil a earcú, a choinneáil agus a aithint.

Gníomhartha Straitéiseacha

Sprioc

3

Eagraíocht

Luach, tionchar agus cáil ár n-eagraíochta a neartú trí éifeachtúlacht, solúbthacht agus uaimhian chun sármhaitheasa a bhaint amach ar fud na heagraíochta.

- 3.1** Cultúr ardionchas, ardmhuinéne agus ardchúraim a chothú ina n-oibrímid le chéile ar fud gach réimse den eagraíocht chun tacú lena chéile, smaointe a roinnt, acmhainní a chur le chéile agus freagairt go dearfach d'athruithe.
- 3.2** Ár spriocanna, ár bhfís agus ár luachanna straitéiseacha a chur in iúl ar bhonn rialta, agus béim á leagan ar an gcaoi a gcuireann ár bhfoireann, ár mbord, ár gcoistí agus gach cuid dár n-eagraíocht leis na spriocanna sin a bhaint amach.
- 3.3** Ár gcleachtais rialachais, cuntasachta agus bainistíochta riosca a leabú a thuilleadh chun a chinntiú go bhfuil na gnéithe sin faoi úinéireacht gach baill foirne i ngach suíomh ar fud na heagraíochta.
- 3.4** Leanúint de bhonneagar láidir tacaíochta a fhorbairt dár soláthar trí airgeadas, foirgnimh, acmhainní daonna, TFC agus seirbhísí corparáideacha, agus freagairt go héifeachtach do riachtanais éagsúla ár n-earnála maidir le beartais, maoiniú agus reachtaíocht, riachtanais a bhíonn de shíor ag athrú.
- 3.5** Feabhas a chur ar ár mbonneagar agus ár gcórais dhigiteacha chun tacú le cumarsáid, bainistíocht sonraí, sábháilteacht ar líne agus dea-chleachtas chun tacú le claochlú na seirbhísí teagaisc, foghlama agus tacaíochta.
- 3.6** Ár bhfoirgnimh agus ár n-áiseanna a fhorbairt chun cur leis an gcaighdeán dár bhfoghlaimoirí agus dár bpáirtithe leasmhara agus ag an am céanna, forbairt foirgneamh agus áiseanna nua a éascú chun freastal ar riachtanais an daonra atá ag fás sna réigiúin ina mbímid ag obair, lena n-áirítear scoileanna agus coláistí nua breisoideachais agus oiliúna.
- 3.7** Cinntí bunaithe ar fhianaise a dhéanamh, atá ailínithe lenár misean, lenár bhfís agus lenár luachanna, bonn taca a chur faoinár bpleanáil agus luach ar airgead a chinntiú.
- 3.8** Straitéis a fhorbairt chun comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna ár bpáirtithe leasmhara go léir a chosaint.
- 3.9** Straitéis a fhorbairt chun cumarsáid, aitheantas branda agus margaiocht BOOÁCDL a fheabhsú, agus aird á díriú ar an rannchuidiú dearfach a dhéanann BOOÁCDL lenár sochaí.
- 3.10** A chinntiú go ndéantar inbhuanaitheacht a mheas inár gcinntí go léir ar fud na timpeallachta ina n-oibrímid agus ina n-aithnímid bealaí inar féidir linn cur go dearfach le spriocanna an athraithe aeráide.

Gníomhartha Straitéiseacha

Sprioc



Páirtithe Leasmhara

Chun oibriú i gcomhar le réimse páirtithe leasmhara chun ár dtionchar inár bpobail a uasmhéadú agus forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a spreagadh sna réigiúin ar a bhfreastalaímid.

- 4.1 Oibriú le réimse eagraíochtaí chun riachtanais a shainaithint trí úsáid a bhaint as taighde agus sonraí chun deiseanna a iniúchadh agus chun tionscnaimh nua a thriail a chuirfidh lenár soláthar agus a chinnteoidh go bhfreastalaíonn sé ar na riachtanais atá ag teacht chun cinn.
- 4.2 Páirt a ghlacadh in BOOÉ agus i bhfóiraim náisiúnta chun próifíl agus féiniúlacht BOOnna a ardú agus tosaíochtaí atá comhaontaithe go náisiúnta a chur chun cinn d'fhonn earnálacha bunscoile, iar-bhunscoile, óige agus breisoideachais agus oiliúna a fhorbairt.
- 4.3 Straitéis rannpháirtíochta páirtithe leasmhara a fhorbairt chun naisc le comhlachtaí pobail, réigiúnacha agus náisiúnta a fheabhsú, chun freagairt do thosaíochtaí agus éigeandálaí agus chun ár dtionchar a uasmhéadú.
- 4.4 Leanúint dár bpríomhról maidir le cur i bhfeidhm tosaíochtaí an rialtais i ndáil le Printíseachtaí.
- 4.5 Oibriú i gcomhpháirtíocht le soláthraithe ardoideachais ar chomhthionscnaimh agus ar chláir chun na conairí le haghaidh aistriú agus dul chun cinn foghlaimoirí idir scoileanna, breisoideachas agus oiliúint, agus ardoideachas a fheabhsú, agus cur le forbairt an chórais oideachais threasaigh.
- 4.6 Na naisc le comhlachtaí ionadaíocha le haghaidh fostaíochta, fiontair agus fiontraíochta a neartú agus oibriú go réamhghníomhach chun a chinntiú go bhfeabhsaíonn ár soláthar na deiseanna le haghaidh foghlaimoirí agus go líontar na bearnaí scileanna inár réigiún agus inár ngeilleagar.
- 4.7 Sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla a bhailiú chun ár dtionchar oideachais, sóisialta agus eacnamaíoch sna réigiúin ar a bhfreastalaímid a mheas.



Cur i bhfeidhm agus Tuairisciú

Chun cabhrú linn ár dtosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach le linn na gcúig bliana atá romhainn, tá creat láidir forbartha againn maidir le cur i bhfeidhm. Cumasóidh sé sin monatóireacht agus tuairisciú rialta le linn shaolré na straitéise. Leagfar amach sa chreat cur i bhfeidhm plean do gach Gníomh Straitéiseach, lena n-áireofar táscairí ratha, amlínthe, ceannaire tionscadail agus comhpháirtithe tionscadail.

Déanfaidh an Fhoireann Shinsearach Ceannaireachta, in éineacht le Bord BOOÁC DL, athbhreithniú rialta ar chur i bhfeidhm na straitéise. Nuair is gá, déanfar an plean cur i bhfeidhm a oiriúnú chun freagairt do riachtanais atá ag athrú.

Déanfar monatóireacht agus tuairisciú a rianú i gcoinne na bpríomhghníomhaíochtaí atá le seachadadh faoi gach sprioc straitéiseach. Cuirfidh sé sin ar ár gcumas dúinn ár rathúlacht a thomhas agus ár ndul chun cinn a thuairisciú dár bpáirtithe leasmhara lena n-áirítear ár bhfoghlaimoirí, ár bhfoireann, an Bord agus ár máthair-ranna: an Roinn Oideachais agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Is uaimhianach na spriocanna straitéiseacha atá againn ach má tá tiomantas agus rannpháirtíocht leanúnach ár bhfoirne againn fós, éireoidh linn bealach a thairiscint dár bhfoghlaimoirí go léir chun féidearthachtaí nua a fhíorú.

D'fhaomh Bord BOOÁC DL an Ráiteas Straitéise seo an 17 Deireadh Fómhair 2022.


Giorrúcháin

BOO	Bord Oideachais agus Oiliúna
BOOÁCDL	Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
BOOÉ	Boird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann
CNCM	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
DC	Dearbhú Cáilíochta
DCEDIY	An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
DE	An Roinn Oideachais
DFHERIS	An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
FET	Breisoideachas agus Oiliúint
NAPD	Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí
OECD	An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta
QQI	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
SLT	Foireann Shinsearach Ceannaireachta
SOLAS	An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
UNESCO	Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe



Aguisíní

Aguisín 1: Scoileanna, Coláistí, Ionaid agus Seirbhísí i mBord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire – 2022



SCOILEANNA NÁISIÚNTA POBAIL

Scoil Náisiúnta Phobail an Mhóinéir Leathain, Sord
 Scoil Náisiúnta Phobail Iarthar na Cathrach agus Theach Sagard
 Scoil Náisiúnta Phobail Thamhlachta, Baile Uí Fhoirtcheirn, Tamhlacht
 Scoil Náisiúnta Phobail Leamhcáin
 Scoil Náisiúnta Phobail Aoife, Tamhlacht
 Scoil Náisiúnta Phobail Choilm, Baile an Phóirtéaraigh
 Scoil Náisiúnta Phobail Chormaic Bhaile Brigín
 Scoil Náisiúnta Phobail Ghráinne Bhaile Fiobail
 Scoil Náisiúnta Phobail Ghleann na hAbhann, Sord

SCOIL SPEISIALTA & AONAIÐ ARDTACAÍOCHTA

Scoil Speisialta Phobail Danu, Baile Átha Cliath 15
 Scoil Speisialta na Crannóige Nua, Port Reachrann
 Scoil Speisialta Ardtacaíochta Bhaile Uí Dhúda, Baile Eoghain
 Scoil Champais Bhaile an Oibríciogh.

COLÁISTÍ POBAIL DARA LEIBHÉAL

Coláiste Pobail Bhaile Adaim, Baile Adaim
 Coláiste Pobail Ard Giolláin, Baile Brigín
 Coláiste Pobail Bhaile Brigín, Baile Brigín
 Coláiste Pobail Bhaile Bhlaínséir
 Coláiste Pobail Chaisleán Cnucha
 Coláiste Pobail Fóla
 Coláiste Pobail Setanta, Baile Fiobail
 Coláiste Pobail Pháirc Bhaile Choilín, Cluain Dolcáin
 Coláiste Pobail Ráth an Deagánaigh, Cluain Dolcáin
 Coláiste Pobail Dhomhnach Bat
 Coláiste Pobail Fhine Gall, Sord
 Coláiste Pobail Theach na Giúise
 Coláiste Pobail na Gráinsí, Domhnach Míde
 Coláiste na nGlaschnoc
 Coláiste Pobail an Ghrífin, Leamhcán
 Coláiste Pobail Choill an Rí, Coill an Rí
 Coláiste Pobail na Ciseoige
 Coláiste Pobail Leamhcáin
 Coláiste Pobail Lusca
 Coláiste Pobail Bhaile Lotrail, Baile Bhlaínséir
 Coláiste Pobail Mhóin Seiscinn, Tamhlacht
 Coláiste Pobail Rath Dara, Baile Bhlaínséir
 Coláiste Pobail na Sceirí
 Coláiste Pobail Naomh Fhionáin, Sord
 Coláiste Pobail Naomh Caoimhín, Cluain Dolcáin
 Coláiste Pobail Mhic Dara, Teach Mealóg
 Coláiste Pobail Shoid

GAELOCHOLÁISTÍ & AONAD LÁN-GHAEILGE

Coláiste Chillian, Cluain Dolcáin
 Coláiste Cois Life, Leamhcán
 Coláiste de hÍde, Tamhlacht
 Gaelcholáiste Reachrann, Domhnach Míde
 Coláiste na Tulcann (Coláiste Pobail Bhaile Lotrail)

IONAIÐ OILIÚNA

Ionad Oiliúna Bhaile Dúill
 Ionad Oiliúna Bhaile Uí Lachnáin
 Ionad Oiliúna Thamhlachta

COLÁISTÍ BREISOIDEACHAIS

Institiúid Bhreisoideachais na Carraige Duibhe
 Coláiste Breisoideachais Dhún Droma
 Institiúid Bhreisoideachais Dhún Laoghaire
 Coláiste Breisoideachais an Naigín
 Coláiste Breisoideachais Stigh Lorgan

COLÁISTÍ POBAIL DÉSHOLÁTHAIR

Coláiste Pobail Pháirc Bhaile Choilín, Cluain Dolcáin
 Coláiste Pobail Ráth an Deagánaigh, Cluain Dolcáin
 Coláiste Pobail na Gráinsí, Baile Átha Cliath 13
 Coláiste na nGlaschnoc, Baile Átha Cliath 12
 Coláiste Pobail Mhóin Seiscinn, Tamhlacht
 Coláiste Pobail Naomh Caoimhín, Cluain Dolcáin

SEIRBHÍSÍ OIDEACHAIS d'AOSAIGH (AES)

AES an Oirthuaiscirt, Baile Brigín – Sord
 AES an Iarthuaiscirt, Gleanntán na hAbhann – Baile Bhlaínséir
 AES an Iardheiscirt, Tamhlacht – Leamhcán – Cluain Dolcáin
 AES an Oirdheiscirt, Dún Laoghaire – Dún Droma

RANGANNA OIDEACHAIS D'AOSAIGH

C.P. Chaisleán Cnucha
 Fine Gall
 C.P. Leamhcáin
 C.P. Mhic Dhara
 DÁTA
 Oideachas d'Aosaigh Chill Tiarnáin
 I.B.O na Carraige Duibhe
 I.B.O. DHÚN LAOGHAIRE

ÓGTHEAGMHÁIL

Ionad Ógtheagmhála Bhaile Brigín
 Ionad Ógtheagmhála Bhaile Bhlaínséir
 Ionad Ógtheagmhála Chluain Dolcáin
 Ionad Ógtheagmhála Leamhcáin
 Ionad Ógtheagmhála na Prióireachta (Tamhlacht)
 Ionad Ógtheagmhála Ráth Fearnáin
 Ionad Ógtheagmhála an Rois
 Ionad Ógtheagmhála an Naigín
 Ionad Ógtheagmhála Shoidronad
 Ógtheagmhála Thamhlachta
 Ionad Oideachais agus Tacaíochta don Óige (YES) (Cluain Dolcáin)

OILIÚINT PHOBAIL DON ÓIGE

Ionad Oiliúna Pobail Bhaile Bhlaínséir
 Ionad Oiliúna Pobail Dhún Laoghaire
 Ionad Oiliúna agus Oideachais Pobail Bhaile Uí Rónáin

SAORÁIDÍ FORBARTHA ÓIGE AGUS SPÓIRT

Ionad Spóirt Coláiste Pobail Bhaile Brigín
 Ionad Spóirt Pháirc Bhaile Choilín, Rualach, Cluain Dolcáin
 Ionad Spóirt Theach na Giúise, Teach na Giúise, Tamhlacht
 Ionad Spóirt Scoil Phobail Chill an Ardáin
 Ionad Spóirt Scoil Phobail Bhaile Phámar
 Ionad Pobail Bhaile Fiobail, Baile Fiobail

Aguisín 2: Doiciméid a Breithníodh don Straitéis

Léiríonn an liosta seo a leanas na príomhdhoiciméid inmheánacha agus sheachtracha a breithníodh agus an Ráiteas Straitéise á ullmhú:

Plean Gníomhaíochta maidir le Printíseacht 2021 – 2025
Straitéis Litearthachta don Saol do Dhaoine Fásta
An Phríomh-Oifig Staidrimh – Réamhshonraí ó Dhaonáireamh 2022
Cosán – Creat um Fhoghlaim Múinteoirí 2016 na Comhairle Múinteoireachta
Tuarascálacha Bliantúla BOOÁCDL 2018 – 2021
Pleananna Seirbhíse Bliantúla BOOÁCDL 2018 – 2021
Comhaontú Maoirseachta 2021 idir BOOÁCDL agus an Roinn Oideachais
Comhaontú Feidhmíochta 2021 idir BOOÁCDL agus an Roinn Oideachais
Ráitis Airgeadais BOOÁCDL
Suirbhéanna agus Fóraim ar Fhoghlaimeoirí BOOÁCDL 2019 – 2022
Clár Riosca BOOÁCDL
Comhaontú Feidhmíochta Straitéiseach SOLAS BOOÁCDL 2018 – 2020 agus 2022 - 2024
Ráiteas Straitéise BOOÁCDL 2016 – 2021
Athbhreithniú ar Straitéis BOOÁCDL 2016 – 2021
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige – Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais 2017 – 2021
An Roinn Oideachais – Straitéisí, Beartais agus Ciorcláin
Plean Gníomhaíochta Aeráide 2021 na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta – Ráiteas Straitéise 2021 – 2023
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta – Tithíocht do Chách 2021 – 2030
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais – Straitéis um Chomhtháthú Imirceach: Treoirphlean don Todhchaí 2017 – 2020
An tAcht Oideachais, 1998
An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013
Pátrúin Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann – Curaclam do Phobalscoileanna Náisiúnta 2018

Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann – Creat na bPátrún maidir le hÉiteas

Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann – Ráiteas Straitéise 2022 – 2024

Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann – Fís don Oideachas Treasach

Straitéis an Aontais Eorpaigh chun Scileanna agus Inniúlachtaí Glasa a Fheabhsú 2020

Breisoideachas agus Oiliúint – Tuarascáil Sintéise Fhóram na bhFoghlaimoirí 2020 – 2021

Rialtas na hÉireann – Tionscadal Éireann 2040

An tÚdarás um Ard-Oideachas – Plean Náisiúnta Rochtana don Ardoideachas 2022 – 2026

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas: Dualgas na hEarnála Poiblí maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm

Ag Breathnú ar Ár Scoileanna 2016 – Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna na Roinne Oideachais agus Scileanna

Ag Breathnú ar Ár Scoileanna 2022 – Creataí Cáilíochta na Roinne Oideachais do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta

Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2018 – 2021

An Plean Rochtana Náisiúnta ar an Ardoideachas

Plean Forbartha Náisiúnta 2021 – 2030

Straitéis Náisiúnta Scileanna 2025

Straitéis Náisiúnta do Mhná agus do Chailíní 2017 – 2020

Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach 2017 – 2021

Dréacht-Chreat Curaclaim Bunscoile na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) 2020

Tuarascáil OECD – Foghlaim ar feadh an tSaoil agus Téarnamh ón bPaindéim 2021

Straitéis Scileanna OECD 2019

Clár don Rialtas 2020

Tuarascáil QQI ar an Athbhreithniú Tionscnaimh ar BOOÁCDL 2022

Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna SOLAS 2020 - 2024

Creat Oideachais don Inbhuanaitheacht UNESCO 2019

Folláine agus Tomhas Caighdeán Maireachtála Níos Leithne Éireann 2021

Creat Beartais Náisiúnta na Seirbhísí Óige 2014 – 2020: Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile

Aguisín 3: Páirtithe Leasmhara a nDeachthas i gComhairle leo

Tá achoimre thíos ar na páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo mar chuid den phróiseas chun an Ráiteas Straitéise a fhorbairt.

Grúpa Páirtithe Leasmhara	Inmheánach nó Seachtrach	Cineál Teagmhála
Foghlaimoirí BOOÁCDL	Inmheánach	Suirbhéanna (2019 – 2022)
Foireann Shinsearach Ceannaireachta BOOÁCDL	Inmheánach	Ceardlann & Suirbhé
Bord BOOÁCDL	Inmheánach	Ceardlann & Suirbhé
Foireann BOOÁCDL	Inmheánach	Suirbhé
SOLAS	Seachtrach	Comhairliúchán duine le duine
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige	Seachtrach	Comhairliúchán duine le duine
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta	Seachtrach	Comhairliúchán duine le duine
An Roinn Oideachais	Seachtrach	Comhairliúchán duine le duine
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)	Seachtrach	Aighneacht i Scríbhinn Ar Líne
Aontas	Seachtrach	Aighneacht i Scríbhinn Ar Líne
Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha (NAPD)	Seachtrach	Aighneacht i Scríbhinn Ar Líne
An Roinn Coimirce Sóisialaí	Seachtrach	Aighneacht i Scríbhinn Ar Líne
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta	Seachtrach	Aighneacht i Scríbhinn Ar Líne
An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais	Seachtrach	Aighneacht i Scríbhinn Ar Líne
Pobal	Seachtrach	Aighneacht i Scríbhinn Ar Líne
Ollscoil Teicneolaíochta (TU) Bhaile Átha Cliath	Seachtrach	Aighneacht i Scríbhinn Ar Líne
Tusla	Seachtrach	Aighneacht i Scríbhinn Ar Líne

Aguisín 4: Comhaltaí Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

An Comhairleoir Kazi Ahmed

An Comhairleoir Cathal Boland

An Comhairleoir Michael Clark

An Comhairleoir Yvonne Collins

An Comhairleoir Pamela Conroy

Susan Duffy

Ken Farrell

Anne Genockey

Daneve Harris

An Comhairleoir Peter Kavanagh

An Comhairleoir Pamela Kearns

Colm Kilgallon

Gerry McGuire (Leaschathaoirleach)

An Comhairleoir Brigid Manton

Claire Markey

An Comhairleoir Joe Newman (Cathaoirleach)

An Comhairleoir Ed O'Brien

Brendan O'Halloran

An Comhairleoir Una Power

Kenneth Rea

An Comhairleoir John Walsh

Aguisín 5: Baill d’Fhoireann Shinsearach Ceannaireachta Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

Príomhfheidhmeannach – Caitriona Murphy

Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta – Debbie Howlett

Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna – Siobhan Lynch

Stiúrthóir na Scoileanna – Adrian Flynn

Stiúrthóir na Scoileanna – Nichola Spokes

**Bord Oideachais agus Oiliúna
Átha Cliath agus Dhún Laoghaire**

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht
Baile Átha Cliath 24
D24 X62W
F: +353(0) 1 452 9600
R-phost: info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

**Dublin and Dún Laoghaire
Education and Training Board**

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght
Dublin 24
D24 X62W
T: +353(0) 1 452 9600
Email: info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

